





## CLÁR

RÉAMHRÁ Ó ÉAMON Ó CUÍV, T.D. AN TAIRE GNÓTHAÍ POBAIL, TUAITHE AGUS GAELTACHTA	2
FOCAL ÓN gCATHAOIRLEACH	3
FOCAL ÓN MÉARA, COMHAIRLE CATHRACH NA GAILLIMHE	4
FOCAL Ó UACHTARÁN CHUMANN TRÁCHTÁLA NA GAILLIMHE	5
GAILLIMH LE GAEILGE - EOLAS GINEARÁLTA	6
GAILLIMH LE GAEILGE - COISTÍ AGUS FOIREANN	7
RÁITEAS FÍSE	8
<b>TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2008</b>	9
<b>SPRIOC 1:</b> STADÁS DHÁT HEANGACH OIFIGIÚIL A BHAINN AMACH DO CHATHAIR NA GAILLIMHE.	10
<b>SPRIOC 2:</b> NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN, TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLUASTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA.	12
<b>SPRIOC 3:</b> 'ÚINÉIREACHT' AN PHOBAIL AR AN nGAEILGE A SHAOTHRÚ I BPOBAL NA CATHRACH.	36
GAILLIMH LE GAEILGE 21 BLIAIN I nGNÓ IN 2008	38
DLÚTHCHAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE 2008	40

ÉAMON Ó CUÍV, T.D.

*An tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.*

Mar Aire ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, is cúis áthais dom fáilte a chur roimh Thuarascáil Bhliantúil Ghaillimh le Gaeilge 2008. Dár ndóigh, bhí mé an-sásta go raibh mo Roinnse in ann cúnaimh airgid a chur ar fáil do Ghaillimh le Gaeilge arís i 2008 chun tacú leis an dea-obair. Tá forbairt agus dul chun cinn na heagraíochta soiléir ón obair a rinneadh i 2008, le seoladh Shéala Sheosaimh Uí Ógartaigh; Q Marc' don Ghaeilge i gCathair na Gaillimhe agus leis an scéim 'Gaeilge agus Fáilte' ná píosaí deisce agus an greamitheoir fuinneoige a léiríonn gur féidir seirbhís a fháil i nGaeilge ón té atá á n-úsáid. Beidh an scéim ina chuidiú mór do dhaoine le gnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge sa chathair agus is deis é chomh maith do ghnólachtaí a chur in iúl go bhfuil siad sásta seirbhís i nGaeilge a chur ar fáil.

Feictear dom gur eagrais é Gaillimh le Gaeilge a thuigeann cúrsaí gnó i gcathair ina bhfuil forbairt déanta le 21 bliana. Is eagrais é a thuigeann tábhacht na Gaeilge i gcomhthéacs éileamh gnó agus forbairt na cathrach mar áit faoi leith ina bhfuil an Ghaeilge ar cheann de na hacmhainní is luachmhaira atá aici. Cuirim fáilte roimh an bhfógra go ndearna Gaillimh le Gaeilge coimisiúnú ar chomhlacht taighde neamhspleách, Bane Mullarkey, i gcomhar leis an eacnamaí Jerome Casey chun na breistionchair eacnamaíocha ó úsáid na Gaeilge, i nGaeltacht agus i gCathair na Gaillimhe a fháil amach. Tá sé os cionn scór bliain ó rinneadh an staidéar deiridh, Tuarascáil Uí Chinnéide mar a thugtar air [le M.S. Ó Cinnéide agus M.J. Keane]. Rinneadh an Staidéar sin le tacaíocht Roinn na Gaeltachta, [a thugtar an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta air anois] agus tá áthas orm go raibh deis ag mo Roinnse tacú leis an 'tasc taighde' reatha 21 bliain ar aghaidh.

Ar deireadh, ba mhaith liom treaslú leis an gComhairle Cathrach, as ucht a gcuid tacaíochta don eagraíocht agus leo siúd go léir atá mar 'Cairde' ag an eagraíocht i gcomhar le Cumann Tráchtála na Gaillimhe. Léiríonn an leibhéal seo 'comhpháirtíochta' tuiscint agus tacaíocht atá lárnach d'obair Ghaillimh le Gaeilge. Guím gach rath ar obair Ghaillimh le Gaeilge agus táim ag súil go mór leis na céimeanna breise ar aghaidh a fheicimid i 2009.

Gura fada buan sibh!



Éamon Ó Cuív TD

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta



## CAITLÍN NIC AN ULTAIGH

*Ceannasaí Bainistíochta, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.*

Is sprioc tábhachtach é do Ghaillimh le Gaeilge an stádas oifigiúil dátheangach a bhaint amach do Chathair na Gaillimhe agus tá céimeanna tábhachtacha tógtha ag Gaillimh le Gaeilge i gcomhar le grúpaí eile sa gCathair ina threo seo. I rith na bliana seo, tionóladh cruinniú le hIonadaithe ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ón gComhairle Chathrach agus ó Ghaillimh le Gaeilge maidir leis an Stádas oifigiúil Dátheangach a bhronnadh ar an gCathair. Ag an gcruinniú sin, chuir Conchúir Ó Giollagán agus Seosamh Mac Donnacha [Údair an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht] ábhar i láthair, faoin Staidéar. Sa Staidéar úd tá Gaillimh luaite mar bhaile oiriúnach don stádas Baile Seirbhíse Gaeltachta. Tá súil againn cur leis na céimeanna a tógadh i mbliana chun an sprioc seo a bhogadh ar aghaidh trí thuilleadh comhoibrithe le grúpaí eile sa Chathair. Ar ndóigh, tá athruithe tagtha ar chúrsaí eacnamaíochta na tíre agus tá súil nach mbeidh tionchar ró-mhór aige seo ar fhorbairt sheirbhíse Ghaillimh le Gaeilge i dtreo Dátheangachas Oifigiúil a bhaint amach don chathair.



I 2008, d'fhostaigh Gaillimh le Gaeilge 'Bane Mullarkey' i gcomhar leis an eacnamaí Jerome Casey' chun 'Tasc Taighde' a dhéanamh chun na tionchair bhreise ó thaobh na heacnamaíochta a bhaineann le húsáid na Gaeilge, i nGaeltacht agus i gCathair na Gaillimhe, a fháil amach. Cuireadh tús leis an tasc taighde i 2008 chun tábhacht na teanga, do gheilleagar an cheantair gheografaigh seo agus do Chathair na Gaillimhe, ach go háirithe, a chainníochtú i dtéarmaí airgeadúla. Gach bliain, déantar forbairt nua ar thograí reatha Ghaillimh le Gaeilge agus i mbliana rinneadh athnuachan ar Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh. Ba údar áthais dúinn 'Séala Sheosaimh Uí Ógartaigh' [Q Marc' don Ghaeilge i gCathair na Gaillimhe] a bhronnadh ar bhuaiteoir agus iar-bhuaiteoirí Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh le tacaíocht Bord Fiontar Contae agus Cathrach na Gaillimhe. Rinneadh forbairt ar Eolaire Gnó Gaillimh le Gaeilge le forbairt comharthaíocht 'Gaeilge agus Fáilte'. Sheol Méara na Gaillimhe an chomharthaíocht seo agus scaipeadh í ar dhaoine i gcathair na Gaillimhe gur féidir leo seirbhís a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge. Cabhraíonn sé seo go mór le daoine úsáid na Gaeilge a mhéadú. Méadaíodh méid na Gaeilge atá le feiceáil ar na sráideanna le húsáid na Gaeilge ar chomharthaí siopaí agus gnólachtaí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta sa chathair.

Ar deireadh, ba mhaith liom thar ceann Choiste Stiúrtha Ghaillimh le Gaeilge, buíochas a ghlacadh le gach uile dhuine a chuidigh ar aon bhealach leis an obair a chur chun cinn, go háirithe leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, an Chomhairle Cathrach, Cairde Ghaillimh le Gaeilge agus Cumann Tráchtála na Gaillimhe. Tá buíochas ar leith ag dul do na daoine a thugann a gcuid ama go deonach do Ghaillimh le Gaeilge, do bhaill an Choiste Stiúrtha ach go háirithe. Freisin, tá ár mbuíochas tuillte freisin ag foireann bheag Ghaillimh le Gaeilge as a saothar i gcaitheamh na bliana.

Caitlín Nic an Ultaigh  
Cathaoirleach



## AN COMHAIRLEOIR PÁDRAIG CONNEELY

*Méara Cathrach na Gaillimhe.*

A Chairde,

Fáiltím roimh Thuarascail Bhliantúil Ghaillimh le Gaeilge 2008. Is áis iontach í an Ghaeilge atá le fáil go nádúrtha sa Chathair. Is ábhar bróid dom go bhfuil an Chomhairle Cathrach ag leanúint ar aghaidh ag tacú le hobair Ghaillimh le Gaeilge agus go bhfuileadar á maoiniú arís i mbliana.

Creidim go láidir go bhfuil sé tábhachtach aitheantas a thabhairt freisin don obair atá ar súil ag na gnólachtaí go léir sa chathair ó thaobh chur chun cinn na Gaeilge agus dá réir sin is iontach an rud é Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh. Is oíche thábhachtach i bhféilire na Cathrach í oíche Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh. Is iomaí comhlacht anseo i nGaillimh a úsáideann an Ghaeilge go laethúil ina ngnó agus tugann Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh deis dóibh iad féin a chur os comhair mhuintír na Gaillimhe mar chomhlacht dátheangach.

Leanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar aghaidh ag tacú le hobair Ghaillimh le Gaeilge, maidir le húsáid na Gaeilge a chur chun cinn, i ngach bealach is féidir léi agus guím gach rath ar Ghaillimh le Gaeilge sa todhchaí.

Gach rath oraibh.



Pádraig Conneely.  
Méara Cathrach na Gaillimhe.



# FOCAL ÓN UACHTARÁN

**PAUL SHELLY**

*Uachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe*

A Chairde,

I am delighted, as President of the Galway Chamber that our association with Gaillimh le Gaeilge has strengthened over the past year. We have always supported the work of Gaillimh le Gaeilge, promoting the Irish Language in the business community in any way that is possible. Gaillimh le Gaeilge has facilitated us in enhancing Galway's linguistic culture and strengthening our reputation as the Cultural Capital of Ireland. We are proud of our association with the Cairde Ghaillimh le Gaeilge scheme and with the Irish Language business Award, Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh since it was established in 2002. I would like to congratulate all of the companies who have entered the Gradam this year. We in Galway Chamber commend their contribution in creating a truly unique city here in Galway. We always encourage businesses who are interested in using the language to contact Gaillimh le Gaeilge.

The Irish language is truly a unique trait that we can use to our advantage in times of economic uncertainty. Irish is a natural resource that sets Galway apart from other towns and cities not only in Ireland but the world. This is something which we continue to cherish with the help of Gaillimh le Gaeilge. I am delighted that Galway Chamber proudly continues to support Gaillimh le Gaeilge and use the Irish language in our branding. We are delighted to be the only Chamber of Chambers Ireland to use the tagline 'I mbun gnó ar son gnó'. I would like to congratulate Gaillimh le Gaeilge on another successful year and wish them every success for the future.

Is mise le meas



Paul Shelly

Uachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe



## GAILLIMH LE GAEILGE

Bunaíodh Gaillimh le Gaeilge chun go neartófaí an Ghaeilge, go háirithe ina hacmhainn eacnamaíoch i limistéar na Gaillimhe. Oibríonn Gaillimh le Gaeilge i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Cumann Tráchtála na Gaillimhe agus grúpaí eile chun íomhá Ghaeilge na Cathrach a fhorbairt agus a threisiú agus Cathair na Gaillimhe a chur chun cinn mar Chathair Dhátheangach agus chun stádas oifigiúil dátheangach a bhaint amach don Chathair.

## ÁR GCUID OIBRE

Cuireann muid comhairle agus tacaíocht phraiticiúil ar fáil do chomhlachtaí atá ag iarraidh an Ghaeilge a úsáid ina ngnó, go háirithe mar uirlis núíosach mhargaíochta. Tá scéim ‘Cairde’ againn, Coiste Logainmneacha i gcomhar leis an gComhairle Cathrach, eagraíonn muid Gradam bliantúil, Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh, agus bíonn muid páirteach i dtograí dhátheangacha ina ndéantar forbairt orthu i gcomhar le grúpaí eile i gCathair na Gaillimhe. Cothaítear teagmháil leanúnach leis an lucht gnó trí chlár ilghnéitheach sóisialta agus nasctha, lena n-áirítear nuachtlitir mhíosúil DEIS, lóna gnó agus ócáidí sóisialta.

## AN COISTE LOGAINMNEACHA

Bunaíodh an Coiste Logainmneacha i 1992 i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, chun ainmneacha oiriúnacha i nGaeilge a chur ar fáil d’eastáit nua sa Chathair. Tá ionadaithe ar an Choiste ón Phost, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, chomh maith le staraithe áitiúla agus saineolaithe ar logainmneacha, a bheith air. Oibríonn an coiste i gcomhar le tógálaithe agus déanann sé iarracht ainmneacha a chur ar fáil, a chuirfeadh bród ar áitritheoirí agus a chothódh meas sna glúine a thiocthadh inár ndiaidh.

## GRADAM SHEOSAIMH UÍ ÓGARTAIGH

Eagraíonn Gaillimh le Gaeilge Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh i gcomhar le Cumann Tráchtála na Gaillimhe, Galway Advertiser agus le tacaíocht Údarás na Gaeltachta. Is í an aidhm atá leis an nGradam seo ná aitheantas a thabhairt do chomhlachtaí agus d’eagraíochtaí a bhfuil an Ghaeilge in úsáid acu ina ngnó, agus mar thoradh ar sin, atá rannpháirteach i nGaillimh a chur chun cinn cinn mar Chathair Dhátheangach agus chun stádas oifigiúil a bhaint amach don Chathair. Bronntar píosa dealbhóireachta uathúil chuile bhliain ar an mbuaiteoir. Tá 14 treabh na Gaillimhe léirithe ar an bpíosa dealbhóireachta seo agus ‘treabh an lae inniu’ ag seasamh do bhuaiteoir Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh agus do na buaiteoirí amach anseo. Bronntar “Séala Oifigiúil Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh” ar an mbuaiteoir freisin i gcomhpháirtíocht le Bord Fiontar Contae agus Cathrach na Gaillimhe. Is ‘Q Marc’ atá anseo don Ghaeilge i nGaillimh, comhartha ar ardchaighdeán agus sármhaitheasa sa dátheangachas do bhuaiteoirí Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh a bheidh le feiceáil ar a gcuid stáiseanóireachta, bróisiúr agus ar a láithreáin ghréasáin i ndiaidh dóibh buachan.

## CAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE

Is grúpa iad Cairde Ghaillimh le Gaeilge ar mian leo a bheith rannpháirteach in obair Ghaillimh le Gaeilge, maidir le Cathair na Gaillimhe a chur a chur chun cinn cinn mar Chathair dhátheangach agus chun stádas oifigiúil dátheangach a bhaint amach don Chathair. Tríd íocaíocht bhliantúil a dhéanamh, is féidir leat a bheith i do ‘Cara’, ‘Cara Maith’ nó ‘Dlúthchara’, lena gcuid buntáistí féin ag gach ceann!



# NA COISTÍ AGUS AN FHOIREANN

Tá triúr fostaithe go lánaimseartha ag Gaillimh le Gaeilge agus is é an Bord, le naonúr Stiúrthóir, a leagann an polasaí amach. Tá Gaillimh le Gaeilge á maoiniú ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus tríd an Scéim Cairde, i gcomhar le Cumann Tráchtála na Gaillimhe. Tá sí cláraithe ina cuideachta theoranta le stádas carthanachta agus dá bhrí sin ina cuideachta nach do bhrabús í.

## AN COISTE STIÚRTHA

Caitlín Nic an Ultaigh (Cathaoirleach)	Ceannasaí Bainistíochta, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Andrew D'Arcy	Ceann Forbartha, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe / Maigh Eo
Pádraig Ó Beaglaioich	Iar-PhríomhOifigeach don Státseirbhís
An Dr. Iognáid Ó Muircheartaigh	Uachtarán Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Joe Greaney	Stiúrthóir, WESTBIC
Tomás Breathnach	Timire Ghaeilge Choistí Gairmoideachais Chontae agus Chathair na Gaillimhe
Pádraic Ó Ráighne	Feidhmeannach Margaíochta TG4
Máire Mhic Aodha	Comhordaitheoir Réigiúnach, Banc na hÉireann

## FÉACHADÓIR

Uinseann Mac Thómais	Stiúrthóir, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.
----------------------	--

## AN COISTE LOGAINMNEACHA

Christy Kelly (Cathaoirleach)	Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Séamas Ó Gráda (Leas Cathaoirleach)	An Post
An Comhairleoir John Mulholland	Comhairle Cathrach na Gaillimhe
An Comhairleoir Tom Costello	Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Peadar O'Dowd	Staráí
An Dr. Nollaig Ó Muraile	Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Breandán Ó Súilleabháin	An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta
Jim Higgins	Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Máire Ní Mhulláin	Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Séamas Mac Coitir	Gleann na Coille
Bríd Ní Chonghóile	Gaillimh le Gaeilge

## AN FHOIREANN

Ardfeidhmeannach Bainisteoir Tograí Riarthóir Oifige	Bríd Ní Chonghóile Gearóidín Ní Ghioballáin Mícheál Ó Ceallaigh
--	---

## ÁR BHFÍS DON GHAELIGE I GCATHAIR NA GAILLIMHE

Tá ár bhfís do Ghaillimh le Gaeilge fite fuaite lenár bhfís don Ghaeilge i gCathair na Gaillimhe. Feicimid go mbraitheann siad araon ar a chéile – agus nach féidir teacht ar cheann acu gan an ceann eile agus nach féidir ceann a bhaint amach gan an ceann eile a bhaint amach.

## SEO Í ÁR BHFÍS

Tá léirmhíniú comhaontaithe ag Gaillimh le Gaeilge agus ag geallsealbhóirí lárnacha i nGaillimh, maidir leis an dátheangachas. Oibríonn Gaillimh le Gaeilge leis na geallsealbhóirí sin, chun forbairt leanúnach Chathair na Gaillimhe ina Cathair dhátheangach a leagan amach. Cuireann stádas dátheangach na Gaillimhe le mórtas cine agus le féiniúlacht mhuintir na Gaillimhe. Cuireann sé le híomhá na Gaillimhe agus le féinmheas mhuintir na Gaillimhe. Tá sochair shóisialta agus sochair ábharaíocha ag baint le stádas dátheangach na Gaillimhe.

## SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA

Tá trí sprioc straitéiseacha lárnacha leagtha síos ag Gaillimh le Gaeilge don tréimhse 2006-2008.

Is spriocanna iad sin a bhraitheann ar a chéile agus is féidir iad a chatagóiriú mar seo a leanas.

1. STÁDAS DHÁTHEANGACH
2. AN GHAELIGE A 'NORMALÚ'
3. ÚINÉIREACHT



2008



## STADÁS DÁT HEANGACH OIFIGIÚIL A BHAINT AMACH DO CHATHAIR NA GAILLIMHE.

Is sprioc tábhachtach é do Gaillimh le Gaeilge an stádas oifigiúil dátheangach a bhaint amach do Chathair na Gaillimhe agus tá céimeanna tábhachtacha tógtha ag Gaillimh le Gaeilge i gcomhar le grúpaí eile i gCathair na Gaillimhe i dtreo seo.

### DUL CHUN CINN DÉANTA | 2008

Tionóladh cruinniú le hIonadaithe ón Roinn GPTG, le Méara Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, An Comhairleoir Tom Costello agus le hionadaithe ó Gaillimh le Gaeilge ar an 23 Meitheamh 2008 maidir leis an Stádas oifigiúil Dátheangach a bhronnadh ar an gCathair. Ag an gcruinniú sin, chuir Conchúir Ó Giollagán agus Seosamh Mac Donnacha [Údair an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht] ábhar i láthair, faoin Staidéar. Sa Staidéar úd tá Gaillimh luaite mar bhaile oiriúnach don stádas ‘Baile Seirbhíse Gaeltachta’.

D’fhostaigh Gaillimh le Gaeilge ‘Bane Mullarkey i gcomhar le Jerome Casey’ chun ‘Tasc Taighde’a dhéanamh chun na tionchair bhreise ó thaobh na heacnamaíochta a bhaineann le húsáid na Gaeilge, i nGaeltacht agus i gCathair na Gaillimhe a fháil amach. Is é cuspóir an staidéir ná na breistionchair eacnamaíochta ó úsáid na Gaeilge, i nGaeltacht agus i gCathair na Gaillimhe a fháil amach. Tá sé mar aidhm é seo a dhéanamh chun tábhacht na teanga sin, do gheilleagar an cheantair gheografaigh seo agus do Chathair na Gaillimhe, ach go háirithe, a chainníochtú i dtéarmaí airgeadúla. Déanfaidh cuid den staidéar seo, uasdátú ar chonclúidí Uí Chinnéide agus Keane (OÉ, Gaillimh), sa staidéar a rinne siad i 1987 ar na tionchair eacnamaíochta a bhain le hidirghabhálacha an stáit i leith tacaíochta don Ghaeilge.

## GNÍOMAÍOCHTAÍ 2009

- Comhoibriú leis na hOifigigh chuí sa Chomhairle Cathrach, maidir leis na bearta is gá a dhéanamh chun aitheantas oifigiúil a bhaint amach do Chathair Dhátheangach.
- ‘Tasc Taighde’ chun na breistionchair eacnamaíocha ó úsáid na Gaeilge, i nGaeltacht agus i gCathair na Gaillimhe a fháil amach. É seo a dhéanamh chun tábhacht na teanga sin, do gheilleagar an cheantair gheografaigh seo agus do Chathair na Gaillimhe, ach go háirithe, a chainníochtú i dtéarmaí airgeadúla.
- Oibriú i gcomhar leis an gComhairle Cathrach, chun comhlachtaí a spreagadh chun comharthaí dátheangacha a úsáid sa phróiseas pleanála nuair a bhíonn siad ag iarraidh cead pleanála.

# 2009



# 2

## SPRIOC STRAITÉISEACH 2:

### NORMALÚ NA GAEILGE I GCATHAIR NA GAILLIMHE, A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA

Tá sé mar aidhm ag Gaillimh le Gaeilge go mbeadh an Ghaeilge le cloisteáil, le feiceáil agus á húsáid i gCathair na Gaillimhe mar ghnáthchuid de shaol na Cathrach. Tá sé i gceist againn atmaisféar den normalú teanga a chothú don Ghaeilge diaidh ar ndiaidh agus go nglacfar leis an nGaeilge agus go mbeidh súil leis an nGaeilge i saol bríomhar na Cathrach.

Síneann normalú isteach i ngach cuid den Chathair agus bíonn tionchar aige ar gach gné de shaol na Cathrach – ó bheith ag ceannach builín go teach a cheannach. Is éard a bheidh i gceist leis ná an Ghaeilge a úsáid trí shreanga uile an tsaoil, ó leibhéal an ghnó go leibhéal an phobail agus ón leibhéal poiblí go dtí an leibhéal príobháideach.

Ní hé go bhfuil sé i gceist go mbeadh an Ghaeilge éigeantach, ach go nglacfaí leis an nGaeilge mar ghnáthchuid de shaol na Gaillimhe nuair a d'fheicfí í, nuair a chloisfí í agus nuair a labhrófaí í. Is laistigh de thimpeallacht normalaithe teanga a shamhlaíonn Gaillimh le Gaeilge cothú agus fás sláintiúil na Gaeilge.

Tá tograí áirithe idir lámha ag Gaillimh le Gaeilge chun an sprioc thuas a bhaint amach, ina measc tá:

#### 1. AN COISTE LOGAINMNEACHA

---

#### 2. AN GHAEILGE SA GHNÓ

---

#### 3. GRADAM SHEOSAIMH UÍ ÓGARTAIGH

---

#### 4. SCÉIM CHAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE

---

#### 5. NA MEÁIN CHUMARSÁIDE

---



## 1. AN COISTE LOGAINMNEACHA, COMHAIRLE CATHRACH NA GAILLIMHE

In ainneoin an laghdaithe atá tagtha ar thógáil Eastáit Tithíochta faoi láthair, lean Coiste Logainmneacha, Comhairle Cathrach na Gaillimhe orthu lena gcuid oibre ag cur comhairle, eolas agus inspreagadh ar fáil d'fhorbróirí aon eastáit nua maidir le húsáid na Gaeilge sa Chathair.

Tógadh agus ainmníodh 6 heastát i nGaeilge i rith 2008.

Seo a leanas iad;

An Doirín

Coillte Mhuirlinne

Cloch Mhíle

Cúirt na Gaoithe

Slí na Coille

Tobar na mBan

Dabhach Uisce

Páirc Mhuirlinne

Bóthar Bhaile Átha Cliath

Bóthar an Chlaí Bháin

Bóthar na Ceapaí

Bóthar Loch an tSáile

D'éirigh Criostóir Ó Ceallaigh, an Cathaoirleach ar Choiste Logainmneacha na Gaillimhe, as a chuid oibre tar éis na blianta fada saothair a bheith caite aige i gComhairle Cathrach na Gaillimhe.

Ba mhaith linn an deis seo a ghlacadh thar ceann Choiste Stiúrtha Ghaillimh le Gaeilge agus thar ceann bhaill an Choiste Logainmneacha, buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach as ucht a chuid oibre, as a dhíograis agus as a dhúthracht don Choiste agus as ucht a thacaíochta do Ghaillimh le Gaeilge i gcónaí. Guímid gach rath air amach anseo.



# 2

## SPRIOC STRAITÉISEACH 2:

NORMALÚ NA GAEILGE I GCATHAIR NA GAILLIMHE,  
A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA,  
CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS  
LABHARTHA

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ 2009

- Dul i bhfeidhm níos mó ar na Páirceanna Gnó atá i mbun tógála faoi láthair, ag soláthar ainmneacha feiliúnacha, simplí, i nGaeilge sa gcaoi go mbeadh an t-ainm ar a laghad dhátheangach.
- Leanúint ag stiúradh agus ag riaradh an Choiste Logainmneacha, ag soláthar ainmneacha feiliúnacha, simplí i nGaeilge d'eastáit tithíochta nua agus d'fhorbairtí tógála nua eile [más ann dóibh] ar fud na cathrach.

# 2009



## 2. AN GHAELIGE SA GHNÓ I 2008

Sheol Méara Cathrach na Gaillimhe, An Comhairleoir Tom Costello an scéim 'Gaeilge agus Fáilte' ag Lón Gnó Ghaillimh le Gaeilge sa Park House Hotel, ar an gCéadaoin 30 Aibreán 2008.

Bhí slua breá i láthair ag an ócáid nuair a bhronn an Méara an chéad deasphíosa ar Mháire Nic Dhonnacha, freastalaí sa Park House Hotel a chuireann seirbhís i nGaeilge ar fáil sa bhialann úd.

Séard atá i gceist le 'Gaeilge agus Fáilte' ná deasphíosaí agus greamaitheoir fuinneoige a léiríonn gur féidir seirbhís a fháil i nGaeilge ón té atá á n-úsáid. Tá sé mar aidhm ag na comharthaí seo 'Gaeilge agus Fáilte' cuidiú le daoine gnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge sa chathair agus is deis é chomh maith do ghnólachtaí a chur in iúl go bhfuil siad sásta seirbhís i nGaeilge a chur ar fáil.



Máire Nic Dhonnacha atá ag obair sa Park House Hotel ag baint úsáide as an gcomharthaíocht 'Gaeilge agus Fáilte' a chuireann in iúl gur féidir léi seirbhís i nGaeilge a chur ar fáil sa Park House Hotel.



Kitty Carr, Park House Hotel, An Comhairleoir Tom Costello, Méara Cathrach na Gaillimhe, Joe Neylon, Neylon and Co. i láthair ag seoladh 'Gaeilge agus Fáilte'.



Uinseann Mac Thómais, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Máire Nic Dhonnacha, Park House Hotel, An Comhairleoir Tom Costello, Méara Cathrach na Gaillimhe, [a sheol Gaeilge agus Fáilte] Gearóidín Ní Ghioballáin, Gaillimh le Gaeilge ag seoladh 'Gaeilge agus Fáilte' sa Park House Hotel.

# 2

## SPRIOC STRAITÉISEACH 2:

### NORMALÚ NA GAEILGE I GCATHAIR NA GAILLIMHE, A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA

#### 2. AN GHAEILGE SA GHNÓ I 2008

#### DUL CHUN CINN DÉANTA I 2008

#### POTAIREACHT JUDY GREENE

Sheol Judy Greene, an potaire a bhfuil cáil uirthi ar fud an domhain, réimse nua potaireachta ag úsáid na Gaeilge le cabhair ó Ghaillimh le Gaeilge. Bhí sí ag ceiliúradh 26 bliana i ngnó i gCathair na Gaillimhe i 2008!

Ag an seoladh, dúirt Judy: “Shocraigh mé réimse nua potaireachta a dhéanamh i mbliana, chun mo 26 bliana i ngnó a cheiliúradh. Shocraigh mé freisin tuilleadh Gaeilge a úsáid. Bhí eolas agam faoi obair Ghaillimh le Gaeilge sa Chathair agus chuaigh mé ag caint leo chun roinnt tuairimí a fháil maidir leis an gcaoi ab fhéarr chun an teanga a úsáid i mo ghnó. Bhí mé an-sásta leis na torthaí agus oibríonn na tuairimí a tháinig chun cinn iontach. Is cinnte go gcabhraíonn an Ghaeilge le branda ‘Judy Greene Pottery’ a chur chun cinn agus a athdhearbhú mar bhranda atá 100% Gaelach agus is breá le mo chuid custaiméirí í”!

Bhronn Judy lampa speisialta ar an Aire Éamon Ó Cuív T.D., ‘Lampa na Gaillimhe’ a thaispeánann gnéithe agus áiteanna cáiliúla éagsúla i gCathair na Gaillimhe agus thart timpeall uirthi. Ghabh an tAire buíochas le Judy Greene agus rinne sé comhghairdeas léi faoi bheith i ngnó ar feadh 26 bliana.

*“Tá sampla fíorshoiléir anseo againn den chaoi ar féidir le gnólachtaí leas a bhaint as an nGaeilge. Faoi láthair, nuair atá sé níos tábhachtaí ná mar a bhí riamh táirgí agus earraí áitiúla a cheannach, is féidir leis an nGaeilge ról tábhachtach a bheith aici maidir leis an gcaoi a ndéanann comhlachtaí brandáil ar tháirgí agus ar a n-aitheantas. Guím gach rath ar Photaireacht Judy Greene don todhcháí.”*

An tAire Éamon Ó Cuív T.D.,

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta



Ó chlé; Bríd Ní Chonghóile, Gaillimh le Gaeilge, An tAire Éamon Ó Cuív, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Judy Greene, Judy Greene Pottery agus Michael Coyle, Galway Chamber ag seoladh réimse nua potaireachta Judy Greene.



Ó chlé; Ronnie O’Gorman, Cathaoirleach Chumann Gnó Chathair na Gaillimhe, Charles Lynch, Bord Fiontar Contae agus Cathrach na Gaillimhe agus an Comhairleoir Declan McDonnell ag seoladh réimse nua potaireachta Judy Greene.



Ó chlé; Therese Connaire, Bord Fiontar Contae agus Cathrach na Gaillimhe, Maeve Joyce, Galway Chamber, An tAire Éamon Ó Cuív, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta, Judy Greene, Judy Greene Pottery, agus Uinseann Mac Thómais, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, ag seoladh réimse nua potaireachta Judy Greene. Tá Gaeilge in úsáid sa réimse nua le cabhair Ghaillimh le Gaeilge chun ceiliúradh a dhéanamh ar Photaireacht Judy Greene atá 26 bliana i nGnó.

## 2. AN GHAELGE SA GHNÓ 2008

### DUL CHUN CINN DÉANTA I 2008

#### COMHARTHAÍ NUA

Tá sé mar aidhm ag Gaillimh le Gaeilge go mbeadh an Ghaeilge le cloisteáil, le feiceáil agus á húsáid i gcathair na Gaillimhe mar ghnáthchuid de shaol na cathrach. Síneann normalú isteach i ngach cuid den Chathair agus bíonn tionchar aige ar gach gné de shaol na cathrach ó bheith ag ceannach builín go teach a cheannach.

Tá sé riachtanach, mar sin, go mbeadh an Ghaeilge feiceálach i ngnáthshaol na cathrach. Cuireann Gaillimh le Gaeilge seirbhísí ar fáil, chun cabhrú leis an lucht gnó an Ghaeilge a úsáid ina ngnó, más ar chomharthaí, ar stáiseanóireacht, ar bhiachláir, nó ar bhealach ar bith eile a oireann don ghnó, a bhíonn i gceist.

Is iad seo a leanas na comhlachtaí, a rinne athchóiriú ar a gcuid gnólachtaí i 2008. Chuir siad comharthaí nua in airde ag cur go mór le híomhá dhátheangach na Gaillimhe.

**AERFORT NA GAILLIMHE**  
**CONLON'S SEAFOOD RESTAURANT**  
**DUNNES CNOC MHAOIL DREISE**  
**DUNNES CNOC NA CATHRACH**  
**ECO OLA**  
**GREENES MENSWEAR, BARR AN CHALAIHDH**  
**JUDY GREENE POTTERY - POTAIREACHT LE GAEILGE**  
**PENNY'S IONAD NA FAICHE MÓIRE**  
**THE RIVER INN, AN CAISLEÁN NUA**  
**TARA RESTAURANT – SRÁID DHOIMINIC**  
**TEACH NA FIONTRAÍOCHTA, BÓTHAR AN AONAIGH**



An Chomharthaíocht nua a chuir lucht eagraithe Rás Aigéin Volvo in airde ar Bhóthar Bhearna i 2008



Paul Seagrave, Bainisteoir Réigiúnach, agus David Delaney, Bainisteoir Stóir ó Pennys na Gaillimhe ag seasamh os comhair na comharthaíochta nua Gaeilge a cuireadh in airde san athchóiriú nua i 2008.



Mark Cronin, an Bainisteoir Miondíola in Aerfort na Gaillimhe agus Michael Moloney, Bainisteoir Margaíochta an Aerfoirt ina seasamh os comhair ceann de na comharthaí nua Gaeilge in Aerfort na Gaillimhe.

# 2

## SPRIOC STRAITÉISEACH 2:

NORMALÚ NA GAEILGE I GCATHAIR NA GAILLIMHE, A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA.

### 2. AN GHAEILGE SA GHNÓ I 2008

#### DUL CHUN CINN DÉANTA I 2008

Cuireadh an tseirbhís ‘Gaeilge sa Ghnó’ ar fáil do 10 ngnólacht i rith na bliana agus tugadh moltaí agus spriocanna dóibh go léir leis an nGaeilge nó le níos mó Gaeilge a shní isteach ina gcuid gnólachtaí.

#### COMPUTER TROUBLESHOOTERS

ECO OLA

GALWAY ARTS FESTIVAL

JAYCEE PRINTERS

MC DONALDS GAILLIMH

SUPERMACS

SLEEPZONE

THE MALT HOUSE

THE CELLAR BAR

THE HARBOUR HOTEL

Rinneadh aistriúchán ginearálta ar 16,921 focal, do ghnólachtaí i rith 2008 agus aistríodh 4,164 focal ar bhiachláir do ghnólachtaí na Cathrach.

#### STÁISEANÓIREACHT DHÁTHEANGACH NUA

Seo liosta de chomhlachtaí a d’fhorbair stáiseanóireacht dhátheangach i 2008.

#### CORRIB REMOVALS AND STORAGE

ECO OLA


ORLA MURRAY FINANCIAL SERVICES

SOLAS SCHOOL


SLEEPZONE



An chomharthaíocht nua a chuir Seodóirí Hartmann & Son agus Greene's Menswear, Barr an Chalaigh in airde i 2008.



An chomharthaíocht nua a chuir B&Q sua ina stór nua i 2008.



An chomharthaíocht nua a chuir an Bialann ‘The Malt House’, An tSráid Láir, in airde i 2008.



An chomharthaíocht nua a chuir Aerfort na Gaillimhe, in airde i 2008.





#### GNÍOMHAÍOCHTAÍ 2009:

- Dul i bhfeidhm ar chomhlachtaí reatha le próifíl ard le hiad a spreagadh chun níos mó Gaeilge a úsáid go himheánach agus go seachtrach.
- Dul i bhfeidhm ar na hollmhargaí reatha le hiad a spreagadh chun níos mó Gaeilge a úsáid go himheánach agus go seachtrach.
- Dul i bhfeidhm ar pháirceanna gnó [atá i mbun tógála] agus Sraith Siopaí reatha le níos mGaeilge a úsáid go himheánach agus go seachtrach.
- Ceangail a chothú agus nascadh le heagraíochtaí turasóireachta chun ról Ghailimh le Gaeilge i 'taithí dhátheangach' an turasóra a fhorbairt.
- Leanúint leis an bhfeachtas poiblíochta le haird agus aitheantas a thabhairt do ghnólachtaí atá ag tacú le polasáí dátheangach na Cathrach.

# 2009



# 2

## SPRIOC STRAITÉISEACH 2:

NORMALÚ NA GAEILGE I GCATHAIR NA GAILLIMHE, A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA.

DUL CHUN CINN DÉANTA | 2008

### 3. GRADAM SHEOSAIMH UÍ ÓGARTAIGH

Sheol Méara na Gaillimhe, an Comhairleoir Tom Costello, an ‘Séala’ ag preasócaid in Áras Chumann Tráchtála na Gaillimhe. Ag labhairt ag an seoladh dúirt sé, “Is féidir an méadú ar úsáid na Gaeilge i measc gnólachtaí i nGaillimh a fheiceáil i gcomharthaíocht, ar logainmneacha agus i ngnáthimeachtaí gnó sa Chathair agus mórthimpeall. Go deimhin, is ócáid thábhachtach í an Gradam seo i bhféilire imeachtaí na Gaillimhe. Is Gradam é a thugann aitheantas do chuideachtaí agus eagraíochtaí dátheangacha na Gaillimhe’ agus a dhéanann iad a cheiliúradh”



D’fhorbair Gaillimh le Gaeilge ‘Séala Sheosaimh Uí Ógartaigh’ i gcomhar lena gcomhpháirtithe nua, Bord Fiontar Contae agus Cathrach na Gaillimhe. Is ‘Q Marc’ atá anseo don Ghaeilge i gCathair na Gaillimhe do bhuaiteoirí Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh - a bheidh le feiceáil ar a gcuid stáiseanáireachta, bróisiúr agus ar a láithreáin ghréasáin i ndiaidh dóibh buachan.



Michael Coyle, Príomhfheidhmeannach, Cumann Tráchtála na Gaillimhe, an Comhairleoir Tom Costello, Méara Cathrach na Gaillimhe, Joe Greaney, Leaschathaoirleach Ghaillimhle Gaeilge agus Charles Lynch, Príomhfheidhmeannach Bhord Fiontar Contae agus Cathrach na Gaillimhe ag seoladh ‘Séala Sheosaimh Uí Ógartaigh’.



Keith Finneagan, Galway Bay FM, (Urra) Joe Neylon, Neylon & Co. a bhí ainmnithe do Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh, Aldric Bailey agus Orla Murray, Orla Murray Financial Services a bhí ainmnithe don Ghradam chomh maith, ag an seoladh ar ‘Séala Sheosaimh Uí Ógartaigh’ in oifigí Chumann Tráchtála na Gaillimhe.



Majella Collins, Galway Advertiser {Príomhfheidhmeannach, Bord Fiontar Contae agus Cathrach na Gaillimhe a d’fhorbair ‘Séala Sheosaimh Uí Ógartaigh’ i gcomhpháirt le Gaillimh le Gaeilge agus Rebecca Taylor, Galway Advertiser.

## DUL CHUN CINN DÉANTA | 2008


Is uirlis mhargaíochta thábhachtach í an Ghaeilge. Tugann sí deis do ghnólachtaí iad féin a chur chun cinn, aitheantas a ghnóthú, a mBunús Gaelach a chur os comhair an phobail agus freisin luach a chur leis an táirge atá siad a dhíol.” a deir an tUasal Charles Lynch, Príomhfheidhmeannach, Bord Fiontar Contae agus Cathrach na Gaillimhe.

*‘Is comhpháirt thábhachtach de chuid Dhuais Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh í forbairt an ‘Séala’. Neartóidh agus treiseoidh sí cáil an Ghradam, mar ‘an ceann is fearr’ sa dátheangachas.’*

An Comhairleoir Tom Costello

Méara Chathair na Gaillimhe 2008

## ÁR cCOMHPHÁIRTITHE



Ó Chlé: Michael Coyle, Príomhfheidhmeannach Chumann Tráchtála na Gaillimhe, Majella Collins, an Galway Advertiser {Urraí an Ghradam} agus Patrick Brennan, Snap Printing {Urraí an Ghradam} ag seoladh ‘Séala’ Sheosaimh Uí Ógartaigh in oifigí Chumann Tráchtála na Gaillimhe.



John Coyle, Renvyle House Hotel, An Comhairleoir Catherine Connolly, John Madden, Madden & Associates agus an Comhairleoir Declan McDonnell, ag an seoladh ar ‘Séala Sheosaimh Uí Ógartaigh’ in oifigí Chumann Tráchtála na Gaillimhe.



Ó Chlé: Anne Hession, Hession Life & Pensions a bhí ainmnithe don Ghradam, Máire Ní Loinsigh, Údarás na Gaeltachta, {urraí an Ghradam}, Proinséas Ó hÓgartaigh, agus Patricia Lohan, Lohans Bar & Restaurant, a bhí ainmnithe do Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh.

# 2

## SPRIOC STRAITÉISEACH 2:

NORMALÚ NA GAEILGE I GCATHAIR NA GAILLIMHE, A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA.

### DUL CHUN CINN DÉANTA | 2008

D'fhógair an tAire Éamon Ó Cuív T.D. Beár agus Bialann Lohans mar bhuaiteoirí Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh 2008 ag searmanas speisialta in Óstán an Ardoileáin ar an Déardaoin 26 Feabhra 2009.

Bronnadh pacáiste gnó ar luach €15,000 orthu freisin a d'urraigh gnóthaí áitiúla lenar áiríodh an Galway Advertiser, Galway Bay F.M., Snap Printing, Aerfort na Gaillimhe agus Cumann Tráchtála na Gaillimhe mar aon le Séala Sheosaimh Uí Ógartaigh, 'Q Marc' don Ghaeilge i gCathair na Gaillimhe a forbraíodh anuraidh i gcomhar le Bord Fiontar Contae agus Cathrach na Gaillimhe.

Bhronn an tAire, Éamon Ó Cuív T.D. dealbh álainn, a dhear Pádraic Reaney go speisialta don Ghradam, agus a léiríonn 14 Treabh na Gaillimhe, le treabh amháin bhreise chun buaiteoir an Ghradaim a chur in iúl ar Phatricia Lohan ó 'Beár agus Bialann Lohans'.

*"Tá Beár agus Bialann Lohans an-bhródúil as gradam chomh tábhachtach le Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh 2008 a bheith bronnta orthu. Is cinnte gur chuir an t-aitheantas speisialta a fuair muid as Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh a bhaint amach go mór lenár ngnó. Chruthaigh an Gradam atmaisféar dearfach sa ghnó féin agus thug sé ardú croí agus meanma dár gcustaiméirí agus don fhoireann araon."*

**Patricia Lohan,  
Beár agus Bialann Lohans**


An tAire Éamon Ó Cuív, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ag bronnadh Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh ar Patricia Lohan, Beár agus Bialann Lohans, Bóthar na Trá, ag an searmanas speisialta don ócáid bhronnta in Óstán an Ardoileáin.



PRÍOMHURRA

# Galway Advertiser

URRAÍ



URRAÍ TACAÍOCHTA



Páidí Ó Lionáird, (TG4) Fear an Tí, Paul Shelly, Uachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe, Proinséas Ó hÓgartaigh, Méara Cathrach na Gaillimhe, An Comhairleoir Pádraig Conneely, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge, Caitlín Nic an Ultaigh ag bronnadh Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh in Óstán an Ardoileáin.



Ó Chlé: An Comhairleoir Daniel Callanan, Cyril McGinty, Ryan McGinty, Denise Ryan, Ryan McGinty, an Comhairleoir Catherine Connolly agus Agnes Birukow, Ryan McGinty ag an searmanas speisialta don ócáid bhronnta in Óstán an Ardoileáin

# 2

## SPRIOC STRAITÉISEACH 2:

### NORMALÚ NA GAEILGE I GCATHAIR NA GAILLIMHE, A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA

#### DUL CHUN CINN DÉANTA | 2008

#### BUAITEOIRÍ AN DARNA CATAGÓRA

Fógraíodh go raibh Cuntasóirí Ryan McGinty, Páirc Teicneolaíochta na Gaillimhe, An Pháirc Mhór ina mbuaiteoirí ar an gCatagóir le fiche fostaí nó níos lú.

Bronnadh macasamhail de Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh, {urraithe ag Údarás na Gaeltachta} agus Pacáiste Priontála a áiríonn Comhairleoireacht ar Phriontáil, Dearadh & Margaíocht ar luach €1,000 [urraithe ag Snap Printing], ar Chuntasóirí Ryan McGinty mar bhuaiteoirí ar an gCatagóir le fiche fostaí nó níos lú.

Is gnólacht Cuntasóirí Cairte iad Ryan McGinty atá lonnaithe sa Pháirc Mhór. Tá saineolas acu ar théarnamh corparáideach, gnólachtaí nua-thionscanta agus ar chuideachtaí a cheannach/a dhíol.

Freisin tá cleachtas ginearálta cuntasáíochta ar siúl acu – ullmhú cuntas, iniúchóireacht agus pleanáil cánach. Tá ról lárnach ag an nGaeilge i ngach gné de ghnó Ryan McGinty, m.sh., ullmhaíonn siad cuntais i nGaeilge, eagraíonn siad cruinnithe agus déanann siad comhfhreagras lena gcliaint i nGaeilge.



An tAire Éamon Ó Cuív, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, ag bronnadh macasamhla de Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh [arna hurrú ag Údarás na Gaeltachta] ar bhuaiteoir na catagóire le níos lú ná fiche fostaí, Cyril McGinty ó Ryan & McGinty ag searmanas speisialta don ócáid bhronnta in Óstán an Ardoileáin.



Buaiteoir na catagóire le níos lú ná fiche fostaí. Ó chlé; Cyril McGinty ó Ryan & McGinty, Denise Ryan, Ryan & McGinty, agus Agnes Birukow, Ryan McGinty ag an searmanas speisialta don ócáid bhronnta in Óstán an Ardoileáin.



## DUL CHUN CINN DÉANTA | 2008

D'fhógair Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Pádraig Conneely, Gearrliosta Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh ag preasócáid ar an Luan 9 Feabhra 2009 i gCumann Tráchtála na Gaillimhe. Roghnaíodh seacht ngnó i gCathair na Gaillimhe ó raon d'earnálacha le haghaidh ghearrliosta Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh.

### SA CHATAGÓIR LE FICHE FOSTAÍ NÓ NÍOS MÓ BHÍ;

#### B & Q

GLENLO ABBEY

LOHANS BAR & RESTAURANT

### SA CHATAGÓIR LE NÍOS LÚ NÁ FICHE FOSTAÍ BHÍ;

#### CAVA

JUDY GREENE POTTERY

ORLA MURRAY FINANCIAL SERVICES


RYAN MCGINTY

Bhí suntas ar leith le tabhairt do na seacht gcuideachta a roghnaíodh de bharr an lear mór eolais a sholáthair siad do na moltóirí sa chur i láthair a rinne siad faoina gcuid “gnóthaí dátheangacha”. Thug siad le tuiscint go soiléir sa chur i láthair sin, go bhfuil ról tábhachtach ag an nGaeilge taobh istigh dá gcuid gnóthaí agus i bhforbairt a gcuid gnóthaí sa todhchaí.

Is iad na moltóirí i mbliana ná; Majella Collins ón Galway Advertiser, Paul Gill, Óstán Bhaile Chláir agus Cathaoirleach ar Bhrainte na Gaillimhe de Chónaidhm na nÓstán Éireannach agus Pádraic Ó Ráighne, ó TG4.



An Comhairleoir Declan McDonnell, an Comhairleoir Catherine Connolly, Méara Cathrach na Gaillimhe, an Comhairleoir Pádraig Conneely, an Comhairleoir Niall Ó Broilcháin, an Comhairleoir John Mulholland agus an Comhairleoir Tom Costello i láthair ag fógairt Ghearrliosta Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh i gCumann Tráchtála na Gaillimhe.



Michael Moloney, Aerfort na Gaillimhe [Urraitheoir], Majella Collins, Galway Advertiser, [Urraitheoir] agus Patrick Brennan, Snap Printing [Urraitheoir] i láthair ag fógairt Ghearrliosta Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh i gCumann Tráchtála na Gaillimhe



Ó Chlé: Orla Murray, Orla Murray Financial Services, Pádraic Reaney, dearthóir Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh, Alan Treacy, B & Q, Patricia Lohan, Lohans Beár & Bialann, Marie Nic Pháidín, Glenlo Abbey, Cyril McGinty, Ryan McGinty, Denise Ryan, Ryan McGinty, JP McMahon, Cava agus Judy Greene, Judy Greene Pottery. Chun tosaigh: Joe MacGrath, Bainisteoir Chathair na Gaillimhe, Méara Cathrach na Gaillimhe, an Comhairleoir Pádraig Conneely agus Paul Shelly, Uachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe ag fógairt Ghearrliosta Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh i gCumann Tráchtála na Gaillimhe.

# 2

## SPRIOC STRAITÉISEACH 2:

### NORMALÚ NA GAELGE I GCATHAIR NA GAILLIMHE, A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA

#### DUL CHUN CINN DÉANTA I 2008

I measc na nAinmniúchán eile bhí:

#### SA CHATAGÓIR (1-20 FOSTAÍ):

##### COMPUTER TROUBLE SHOOTERS

JOHN HERRICK—COMHARTHAÍ AN LASAIR CHOILLE

Ó MÁILLE GROUP

SIOPA M. Ó FLATHARTA

TALENT FUSION

WARDS HOTEL

WESTERN WRITERS CENTRE/ IONAD SCRÍBHNEOIRÍ CHAITLÍN MAUDE

#### SA CHATAGÓIR (20+ FOSTAÍ) TÁ:

HARBOUR HOTEL

THE MALT HOUSE RESTAURANT

TACSAITHE NA GAILLIMHE

Ba mhaith le Gaillimh le Gaeilge buíochas a ghabháil leis na hainmnithe go léir as ucht a bheith rannpháirteach sa Ghradam agus as ucht a gcuid oibre leanúnaí i gcur chun cinn Chathair na Gaillimhe mar Chathair dhátheangach agus chun Stádas Oifigiúil Dátheangach a bhaint amach do Chathair na Gaillimhe.



Majella Collins, Galway Advertiser [Príomhurra an Ghradam agus bhí Majella mar dhuine de na moltóirí do Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh] Pádraic Reaney, Ealaíntóir agus dearthóir Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh, Patricia Lohan, Beár agus Bialann Lohans, Bóthar na Trá, Buaiteoirí Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh agus Pádraig Ó hAoláin, Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltacha [Urraí] ag searmanas speisialta don ócáid bhronnta in Óstán an Ardoileáin.



Emer Ní Ógartaigh, an Comhairleoir Colette Connolly, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Uinseann Mac Thómais, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Paul Shelly, Uachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe agus an Comhairleoir Terry O'Flaherty, Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag freastal ar bhronnadh Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh in Óstán an Ardoileáin.

#### GNÍOMHAÍOCHTAÍ DO 2009:

- Urraí Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh a choimeád.
- Gradam 2009 a bhronnadh agus feachtas poiblíochta a bhainistiú.
- Úsáid a bhaint as an nGradam, chun comhlachtaí nua a mhealladh chuig an Scéim Cairde agus chun an Ghaeilge a úsáid.
- “Séala Oifigiúil Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh” Q Marc don Ghaeilge i gCathair na Gaillimhe a dhíol mar an ‘cleachtas is fearr’.

# 2009



#### 4. SCÉIM CHAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE

I 2008 tháinig méadú 3.08% ar Ioncam Chairde Ghaillimh le Gaeilge ó 2007.

I 2008 bhí 153 ghnó cláraithe le Gaillimh le Gaeilge, a d'fhág go raibh 351 CAIRDE liostaithe ar ár bpostliosta.

Ábhar margaíochta curtha ar fáil do na Cairde ina measc an Nuachtlitir mhíosúil DEIS.

Ócáidí líonraithe míosúla eagraithe do Chairde Ghaillimh le Gaeilge le tinreamh ard i measc na gCairde.



#### BUÍOCHAS

Is í an scéim 'Cairde Ghaillimh le Gaeilge', a seoladh i 2001, an phríomhshlí a úsáideann Gaillimh le Gaeilge le tacaíocht a fháil dár ngníomhaíochtaí.

Bíonn baill Cairde ann as gach earnáil ghnó i gcathair na Gaillimhe, lena n-áirítear seirbhísí miondíolacháin, seirbhísí airgeadais mar aon leis na hearnálacha turasóireachta agus fáilteachais, iompair agus corparáideach.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leo arís i mbliana, as ucht a dtacaíochta trí bheith ina 'Cara', 'Cara Maith' agus 'Dlúthchara' agus as cuidiú leis an ngluaiseacht chun Gaillimh a chur chun cinn mar Chathair dhátheangach agus chun Stádas Oifigiúil Dátheangach a bhaint amach do Ghaillimh.



An Comhairleoir Billy Cameron, An Comhairleoir Tom Costello, Méara Cathrach na Gaillimhe, an Comhairleoir Pádraig Conneely agus an Comhairleoir Niall Ó Brocháin i láthair ag Beárbaiciú Ghaillimh le Gaeilge i Kelehans.



Muireann Ní Thuairisg, Gráinne Ní Shúilleabháin agus Máire Ní Fhlatharta, ar fad ó Oifig Dáilcheantar an tAire Éamon Ó Cuív, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ag baint suilt as Beárbaiciú Ghaillimh le Gaeilge i Kelehans.

# 2

## SPRIOC STRAITÉISEACH 2:

NORMALÚ NA GAEILGE I GCATHAIR NA GAILLIMHE, A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA.

### BEÁRBAICIÚ AN TSAMHRAIDH 2008

Baineadh an-taitneamh as Beárbaiciú an tSamhraidh, urraithe ag JSL Group Ltd., (Stewart) agus Údarás na Gaeltachta a reáchtáladh i Kelehans Bar, Páirc na Sceach ar an Déardaoin 19 Meitheamh 2008. Bhuail an tAire Éamon Ó Cuív, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta isteach agus chas sé le Stiúrthóirí agus Cairde Ghaillimh le Gaeilge a bhí bailithe le chéile faoi scáth radharc aoibhinn Loch na Coiribe.

Bhí Méara Cathrach na Gaillimhe, an Comhairleoir Tom Costello i measc na gCairde agus na Comhairleoirí, Niall Ó Brolcháin, Terry Flaherty, Brian Walsh, Pádraig Conneely agus Billy Cameron mar aon le hUachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe Peter Allen, Uachtarán BPW, Maureen Harewood agus Máire Ní Mhulláin, Oifigeach Cumarsáide agus Gaeilge, Comhairle Cathrach na Gaillimhe.



Deirdre agus Ger Colleran, Talent Fusion i láthair ag Beárbaiciú Ghaillimh le Gaeilge i Kelehans Páirc na Sceach, Gaillimh.

### URRAÍ AN BHEÁRBAICIÚ



Maureen Harewood, Uachtarán BPW na Gaillimhe, Siubhán Nic Grianna, Údarás na Gaeltachta (Urraí an Bheárbaiciú), Méara Cathrach na Gaillimhe, An Comhairleoir Tom Costello, An tAire Éamon Ó Cuív, T.D., An Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta agus Seán Stíobhard, JSL (Stewart) Group Ltd., (Urraí an Bheárbaiciú) ag baint taitnimh as Beárbaiciú Ghaillimh le Gaeilge.

## DUL CHUN CINN DÉANTA | 2008

### TEACHT LE CHÉILE NA NOLLAG 2008

Bhí teacht le chéile Chairde Ghaillimh le Gaeilge don Nollaig ar siúl ar an gCéadaoin, 17 Nollaig 2008, i mBeár na nOisrí, Óstán an ‘Meyrick’, An Fhaiche Mhór. Bhí an-oíche ag gach duine agus bhain an comhluadar an-sult as an gceol le Mick Crehan agus a chairde.

### IMEACHTAÍ 2008

Eagraíonn Gaillimh le Gaeilge imeachtaí míosúla chun deis a thabhairt don lucht gnó casadh ar a chéile go neamhfhoirmiúil, gnó a dhéanamh agus Gaeilge a labhairt nó a chleachtadh. Bhí an tinreamh ard ag na hócáidí seo agus bhí éileamh orthu i gcónaí.

I rith na n-ócáidí uilig a reáchtáil Gaillimh le Gaeilge le linn na bliana, d’fhreastail os cionn 400 duine orthu.

Eagraíodh 6 lón gnó agus 2 ócáid shóisialta gnó [Beárbaiciú an tSamhraidh agus Teacht le cheile na Nollag] i rith na bliana.

Is iad seo a leanas na Bialanna ar thugamar cuairt orthu do na lóna gnó i 2008;

**BIALANN TEACH NA CÉIBHE, SRÁID NA CÉIBHE.  
BIALANN VINA MARA, AN tSRÁID LÁIR.  
COURTYARD BY MARRIOTT, BÓTHAR ÁTH CINN.  
PARK HOUSE HOTEL, SRÁID FORSTER.  
THE HARBOUR HOTEL, BÓTHAR NA nDUGANNA  
THE MALT HOUSE RESTAURANT, OLDE MALT MALL.**



Máire Mhic Aodha, Banc na hÉireann (Stiúrthóir Ghaillimh le Gaeilge), Pádraig Ó Beaglaioich, Stiúrthóir Ghaillimh le Gaeilge, Méara Cathrach na Gaillimhe, An Comhairleoir Pádraig Conneely, Méara Cathrach na Gaillimhe, An Comhairleoir Catherine Connolly agus Uinseann Mac Thómais, An Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta ag baint taitnimh as Teacht le Chéile Chairde Ghaillimh le Gaeilge i Hotel Meyrick.



Áine Kyne, Glenlo Abbey; Patricia Lohan, Lohans Bar & Restaurant; Pauline Reilly, Gertie Garvey, Garvey’s Inn ag baint suilt as Teacht le Chéile Chairde Ghaillimh le Gaeilge don Nollaig sa Hotel Meyrick.

# 2

## SPRIOC STRAITÉISEACH 2:

### NORMALÚ NA GAEILGE I GCATHAIR NA GAILLIMHE, A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA.

D'fhoilsigh Gaillimh le Gaeilge mar chuid de sheirbhísí Chairde Ghaillimh le Gaeilge, Dialann Bhliantúil 2009 agus seoladh DEIS - Nuachtlitir Chairde Ghaillimh le Gaeilge amach chuig na Cairde ar fad chuile mhí i 2008. Tugtar deis do Chairde Ghaillimh le Gaeilge fógraíocht a dhéanamh sa dialann agus tugtar ceann do gach Cara agus díoltar na cinn bhreise. Bíonn spéis sa dialann ag dul i méid gach bliain agus leanfar leis an bhfoilseachán seo fad is atá spéis ann agus an t-éileamh ann dó.

Ba mhaith le Gaillimh le Gaeilge buíochas ar leith a ghabháil leis na Cairde uile a thóg fógra amach sa Dialann – gan sibhse ní bheadh sé ar ár gcumas an Dialann a fhoilsiú ar chor ar bith!

#### FÓGRÓIRÍ 2009

**AN ROINN GNÓTHAÍ POBAIL, TUAITHE & GAELTACHTA**  
**AN COIMISINÉIR TEANGA**  
**AN CURADH CONNACHTACH**  
**ACADAMH NA hOLLSCOLAÍOCHTA GAEILGE**  
**BANC NA HÉIREANN**  
**BORD FIONTAR CONTAE AGUS CATHRACH NA GAILLIMHE**  
**BUS ÉIREANN**  
**COMHAR CREIDMHEASA NAOMH AONTAINE**  
**FOINSE**  
**IRISH TIME DESIGN**  
**INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA NA GAILLIMHE - MAIGH EO**  
**JSL GROUP (STEWART) LTD.,**  
**ÓSTÁN AN ARDOILEÁN**  
**O' LEARY INSURANCES (GALWAY) LTD.**  
**ORLA MURRAY FINANCIAL SERVICES**  
**RTÉ RAIDIÓ NA GAELTACHTA**  
**RADISSON SAS NA GAILLIMHE**  
**SEACHTAIN NA GAEILGE**  
**SEÁN C. Ó DOMHNAILL & A MHIC ATURNAETHA**  
**SEÁN Ó NEACHTAIN FPE**  
**SIMON J. KELLY & PARTNERS**  
**SNAP PRINTING**  
**TAIBHDHEARC NA GAILLIMHE**  
**TG4**  
**ÚDARÁS NA GAELTACHTA**  
**WESTBIC**

Cuireadh DEIS - nuachtlitir Chairde Ghaillimh le Gaeilge amach chuig na Cairde ar fad chuile mhí. I 2008 bhí 306 ar an liosta leictreonach (liosta r-phoist) don nuachtlitir, agus fuair 98 duine cruachóip sa phost. Bhí eolas sa Nuachtlitir ar imeachtaí míosúla, idir oícheanta amhránaíochta, drámaí, lóna gnó, agus eolas ar Chairde, an tSeirbhís 'Gaeilge sa Ghnó' agus go leor leor eile.






## GNÍOMHAÍOCHTAÍ DO 2009

- Leanúint ag eagrú na Lóna Gnó agus Ócáidí sóisialta don lucht gnó chun deiseanna a thabhairt dóibh Gaeilge a labhairt agus líonra teagmhála a chothú eatarthu féin.
- Úsáid a bhaint as na Lóna Gnó ionas go mbainfidh Bialanna níos mó úsáide as an nGaeilge— díriú ar 5 Bhialann gach Bliain do na Lóna Gnó. Ní mór go mbeadh na Bialanna seo aitheanta le caighdeán ard seirbhíse.
- Freastal mar Ghréasán imeachtaí sóisialta agus Gnó i measc daoine a bhfuil tionchar láidir acu ar an gCathair agus Gaillimh le Gaeilge a bheith le feiceáil mar pháirt ollmhór de shaol na Cathrach.
- Foireann GLEG chun freastal a dhéanamh ar 2 mhórocáid le linn na bliana.

# 2009





# 2

## SPRIOC STRAITÉISEACH 2:

### NORMALÚ NA GAEILGE I GCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNASCRÍOFA

DUL CHUN CINN DÉANTA I 2008

#### 5. NA MEÁIN CHUMARSÁIDE

Tuairiscíodh ar obair Ghaillimh le Gaeilge sna nuachtáin áitiúla agus náisiúnta i rith na bliana. Rinneadh agallaimh leis na meáin chumarsáide (áitiúla agus náisiúnta). Is cuid riachtanach d'obair Ghaillimh le Gaeilge a bheith ag obair leis na meáin chumarsáide, chun íomhá dhearfach a chinntiú dá fiontar. Is é sin ná íomhá de Ghaillimh mar Cathair dháttheangach a choinneáil os comhair an phobail agus muintir na Gaillimhe a choinneáil ar an eolas faoin obair a bhíonn ar siúl aici. Ár mbuíochas dóibh siúd uilig a chuidigh linn san obair sin. I rith 2008 tuairiscíodh ar an obair sna nuachtáin áitiúla agus sna meáin chumarsáide 107 n-uaire i rith na bliana.

#### NA NUACHTÁIN - GRADAM SHEOSAIMH UÍ ÓGARTAIGH

Galway Advertiser	18/12/2008
Saol	Nollaig 08
Tribe Vibes	Geimhridh 08
Galway Independent	10/12/2008
Galway Advertiser	20/11/2008
Galway Independent	19/11/2008
Saol	12/03/2008
Galway Chamber Nuachtlitir	11/03/2008
Galway City Tribune	07/03/2008
Galway Advertiser	06/03/2008
Galway Independent	05/03/2008
Foinse	02/03/2008
Lá Nua	29/02/2008
Galway Advertiser	28/02/2008
Galway Independent	27/02/2008
Galway Voice	25/02/2008
Foinse	24/02/2008
Lá Nua	21/02/2008
Galway Advertiser	21/02/2008
Galway Advertiser	14/02/2008
Galway Independent	13/02/2008
Saol	12/02/2008
Foinse	10/02/2008
Galway City Tribune	08/02/2008
Galway Independent	06/02/2008
Sentinel	05/02/2008
Galway Advertiser	10/01/2008
Galway independent	09/01/2008
Galway Advertiser	03/01/2008



Cairde Ghaillimh le Gaeilge ag baint sult as Béarbaiciú Ghaillimh le Gaeilge i Kelehans, Páirc na Seach.



Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh: Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh agus Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh agus Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh.

#### AN RAIDIÓ, AN TEILIFÍS & AN TIDIRLÍON - SCÉIM 'GAEILGE & FÁILTE'

RTÉ Raidió na Gaeltachta	02/05/2008
RTÉ Raidió na Gaeltachta	30/04/2008
RTÉ Raidió na Gaeltachta	09/04/2008

Foireann Corrib Removals & Storage, Buaiteoirí Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh

## AN RAIDIÓ, AN TEILIFÍS & AN TIDIRLÍON - GRADAM SHEOSAIMH UÍ ÓGARTAIGH

Lá Nua	20/11/2008
Gaelport.ie	18/11/2008
Stáisiún i102-104	10/12/2008
Galway Bay F.M	10/12/2008
Galway Bay F.M	07/12/2008
RTÉ Raidió na Gaeltachta	17/11/2008
Galway Bay F.M	28/02/2008
Galway Bay F.M	29/02/2008
RTÉ Raidió na Gaeltachta	29/02/2008
TG4	29/02/2008
TG4	29/02/2008
Newstalk	01/02/2008
TG4	31/01/2008
RTÉ Raidió na Gaeltachta	31/01/2008
Gaelport.ie	29/01/2008
RTÉ Raidió na Gaeltachta	11/01/2008
Galway Bay FM	10/01/2008
Gaelport.ie	08/01/2008



Seoladh réimse nua Potaireacht Judy Greene as Gaeilge agus iad ag ceiliúradh 26 bliain i nGnó.

## NA NUACHTÁIN - SCÉIM 'GAEILGE & FÁILTE'

Saol	11/06/2008
Galway Advertiser	29/05/2008
Galway Independent	28/05/2008
Galway Advertiser	22/05/2008
Saol	15/05/2008
Foinse	11/05/2008
Nuachtlitr Cumann Tráchtála	Bealtaine 08
Galway Advertiser	01/05/2008
Galway Sentinal	29/04/2008
Nuachtlitr Galway City B Assoc	16/04/2008
Galway Sentinal	15/04/2008

## NA NUACHTÁIN & NA HIRISÍ – GRADAM VODAFONE BHRÍD NÍ CHONGHÓILE

Tribe Vibes	Deireadh Fómhair 08
Galway City Tribune	08/08/08
Nuachtlitr Chumann Tráchtála	01/07/08
Glór Chonamara	27/06/08
Galway City Tribune	20/06/08
Galway Advertiser	19/06/08
Galway Independent	18/06/08
Lá Nua	17/06/08
Foinse	15/06/08

## AN RAIDIÓ, AN TEILIFÍS & AN TIDIRLÍON - GRADAM VODAFONE BHRÍD NÍ CHONGHÓILE

Flirt FM	19/06/2008
Galway Bay F.M	18/06/2008
Gaelport.ie	17/06/2008
RTÉ Raidió na Gaeltachta	14/06/2008

# 2

## SPRIOC STRAITÉISEACH 2:

### NORMALÚ NA GAEILGE I GCATHAIR NA GAILLIMHE, A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA

#### DUL CHUN CINN DÉANTA | 2008

##### NA NUACHTÁIN & SUÍOMH - SEOLADH POTAIREACHT GHAEILGE JUDY GREENE

The Galway Voice	30/09/2008
Gaelport	30/09/2008
Galway City Tribune	26/09/2008
Galway Advertiser	25/09/2008
Lá Nua	25/09/2008

##### AN RAIDIÓ, AN TEILIFÍS & AN TIDIRLÍON - SEOLADH POTAIREACHT GHAEILGE JUDY GREENE

RTÉ Raidió na Gaeltachta	24/09/2008
RTÉ Raidió na Gaeltachta	23/09/2008
Na Nuachtáin -	Beárbaiciú an tSamhraidh 2008
Saol	09/07/2008
Galway City Tribune	04/07/2008
Galway Independent	02/07/2008
Galway Voice	01/07/2008
Foinse	29/06/2008
Lá Nua	26/06/2008
Galway Advertiser	26/06/2008
Galway Independent	25/06/2008
Galway City Sentinal	24/06/2008
Galway City Sentinal	17/06/2008

##### AN RAIDIÓ & AN TEILIFÍS & AN TIDIRLÍON - BEÁRBAICIÚ AN TSAMHRAIDH 2008

Gaelport.com	20/06/2008
Na Nuachtáin – Ginearálta	
Galway City Tribune	19/12/2008
Nuachtlitr GCBA	Fómhair 2008
Nuachtlitr Connemara Coast	D. Fómhair 08
Galway Independent	30/10/2008
Galway Advertiser	19/09/2008
The City Sentinal	15/04/2008
An Raidió, an Teilifís & an tIdirlíon - Ginearálta	
Galway Bay F.M	07/12/2008

##### NA NUACHTÁIN – COMHLACHTÁÍ NA GAILLIMHE AG DUL LEIS AN GHAEILGE

Ghaeilge Saol	09/08/2008
Galway Advertiser	07/08/2008
The Galway Voice	05/08/2008
The Galway Advertiser	31/07/2008
The Galway Independent	30/07/2008
Galway City Tribune	25/07/2008
Lá Nua	24/07/2008

##### AN RAIDIÓ, AN TEILIFÍS & AN TIDIRLÍON - COMHLACHTÁÍ NA GAILLIMHE AG DUL LEIS AN GHAEILGE

An Cúléisteoir	30/07/2008
Gaelport	22/07/2008



Galway Advertiser 31 Iúil 2008



Galway Advertiser 07 Lúnasa 2008



**GNÍOMHAÍOCHTAÍ DO 2009:**

- **AITHEANTAS AGUS POIBLÍOCHT A THABHAIRT DO GHNÓLACHTAÍ/ EAGRAÍOCHTAÍ A ÚSÁIDEANN AN GHAELGE I GCATHAIR NA GAILLIMHE.**
- **LEANÚINT LEIS AN TEAGMHÁIL RIALTA LEIS NA MEÁIN FAOI IMEACHTAÍ GHAILLIMH LE GAEILGE.**
- **ALTANNA/PREASRÁITÍS TRÍ GHAELGE A CHUR AR FÁIL DO NA MEÁIN GO RIALTA.**

**2009**



## ÚINÉIREACTH NA GAEILGE AG AN PHOBAL, A SHAOTHRÚ I BPOBAL NA CATHRACH

### DUL CHUN CINN DÉANTA | 2008

Rinne Gaillimh le Gaeilge sár-iarracht oibriú i gcomhar agus i bpáirtíocht le heagrais eile na cathrach agus chuige sin tá ionadaíocht bainte amach ag an eagraíocht ar; Bord Forbartha Cathrach na Gaillimhe, An Coiste Turasóireachta atá freagrach as straitéis turasóireachta inmharthana a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do chathair agus do Chontae na Gaillimhe, Coiste Polasaí Straitéisigh Chomhairle Chathrach na Gaillimhe–Caomhnú & Cultúr, An Grúpa Cathair Chruthaitheach. Tá Gaillimh le Gaeilge Teoranta ina bhall de Chumann Tráchtála na Gaillimhe, Cumann Gnó Cathrach na Gaillimhe, Fóram Pobail Chathair na Gaillimhe agus BPW Gaillimh {Eagraíocht do Mhná Gairmiúla agus Gnó}. Rinneadh freastal ar 38 Cruinniú i rith na bliana agus d'fhreastail an fhoireann ar 23 ócáid gnó i rith na bliana.

### TÁ IONADAÍOCHT AG GAILLIMH LE GAEILGE AR:

- Bord Forbartha Cathrach na Gaillimhe. Tá 28 mball ar an mbord ó ghníomhaireachtaí stáit, ón rialtas áitiúil, ó pháirtithe sóisialta agus ón bhforbairt áitiúil. Is í príomhaidhm an Bhoird ná straitéis eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha deich mbliana a sholáthar do Chathair na Gaillimhe.
- Fóram Pobail Chathair na Gaillimhe. Glór na hEarnála Deonaí agus an Phobail i gCathair na Gaillimhe, atá i bhFóram Pobail Chathair na Gaillimhe.
- Grúpa Turasóireacht Cathrach agus Contae na Gaillimhe, atá freagrach as straitéis thurasóireachta inmharthana a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do Chathair agus do Chontae na Gaillimhe.
- Coiste Polasaí Straitéiseach Áineasa, Taitneamhachta & Cultúir, Comhairle Cathrach na Gaillimhe.
- Grúpa Cruthaitheach na Cathrach

### TÁ GAILLIMH LE GAEILGE INA COMHALTA DE:

- Cumann Tráchtála na Gaillimhe
- Cumann Gnó Chathair na Gaillimhe
- MGG (BPW) na Gaillimhe
- Fóram Pobail Chathair na Gaillimhe



## GRADAM VODAFONE 'PAISEAN I LEITH AN DOMHAIN MÓRTHIMPEALL ORAINN' BRONNTA AR ARDFHEIDHMEANNACH GHAILLIMH LE GAEILGE

Bronnadh Gradam Vodafone 'Passion for the World Around Us' ar Bhríd Ní Chonghóile, Ardfheidhmeannach Ghaillimh le Gaeilge de bharr a tiomantais i gcur chun cinn na Gaeilge i gcathair na Gaillimhe. Ba iad Séan agus Rachael Stewart, JSL Stewart Group Ltd., a d'ainmnigh Bríd don Ghradam agus roghnaíodh í ón iliomad ainmniúcháin. Bronnadh Gradam, deartha de lámh go speisialta ag ealaíontóir Éireannach, Michelle Hannan ar Bhríd chomh maith le teastas ag an searmanas speisialta don bhronnadh, a bhí ar siúl i gCumann Tráchtála na Gaillimhe, ar an Déardaoin 12 Meitheamh 2008.

Eagraíonn Vodafone 'Paisean i leith an Domhain Mórthimpeall orainn' i gcomhpháirt le Cumann Tráchtála na Gaillimhe agus 17 gCumann Tráchtála ar fud na tíre. Aithníonn na Gradaim seo daoine agus comhlachtaí a dhéanann sáriarracht chun an pobal áitiúil a fheabhsú, agus a éiríonn leo difríocht fiúntach a dhéanamh don domhan mórthimpeall orthu.

Ag labhairt thar ceann Vodafone dúirt Valerie O'Connell "ba mhaith liom tréaslú le Bríd as ucht a díograis agus a sáioibre i leith pobal dátheangach a chruthú i nGaillimh. Tá sí tiomanta chun cultúr Chathair na Gaillimhe a fhorbairt agus í a dhéanamh níos taitneamhaí, do thurasóirí agus do mhuintir na háite araon. Tá ríméad ar Vodafone as an deis a bheith acu, aitheantas a thabhairt dóibh siúd atá ag déanamh sáriarrachta chun an pobal ina bhfuil siad a fheabhsú".

Rinne Peter Allen, Uachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe, aithris ar roinnt de na smaointe a bhí aici. "Tá an Gradam seo tuillte go mór ag Bríd agus táimid an-bhródúil as an deis chun an t-aitheantas seo a thabhairt di, mar gheall ar an tsárobair atá déanta aici sa domhan mórthimpeall uirthi."



Séan agus Rachael Stewart, JSLGroup (Stewart) Ltd., a d'ainmnigh Ardfheidhmeannach Ghaillimh le Gaeilge don Ghradam ag bronnadh Ghradam Vodafone, 'Paisean don Domhan Mórthimpeall Orainn' i gCumann Tráchtála na Gaillimhe, Déardaoin 12 Meitheamh 2008.



An tAire Éamon Ó Cuív T.D., Peter Allen, Uachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe, Valerie O'Connell, Vodafone, ag bronnadh Ghradam Vodafone, 'Paisean don Domhan Mórthimpeall Orainn' ar Bhríd Ní Chonghóile, Gaillimh le Gaeilge, agus an Comhairleoir Tom Costello, Méara Cathrach na Gaillimhe ag an ócáid bhronnta i gCumann Tráchtála na Gaillimhe, Déardaoin 12 Meitheamh 2008.

Sheol Gaillimh le Gaillimh ‘Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh’ chun aitheantas a thabhairt do chuideachtaí agus d’eagraíochtaí a úsáideann an Ghaeilge ina ngnóthaí laethúla, agus a chuireann dá bhrí sin le cur chun cinn na Gaillimhe mar chathair dhátheangach. In onóir Sheosaimh Uí Ógartaigh, nach maireann, a ainmníodh an Gradam. Ba chomhalta bunaidh agus Rúnaí Cuideachta Ghaillimh le Gaeilge é. Tá an Gradam ag dul ó neart go neart ó bunaíodh é, agus méadaíonn líon na n-iontrálaithe gach bliain. Is é a phríomhurrathóir, The Galway Advertiser, agus urraíocht ó ghnólachtaí áitiúla eile a mhaoiníonn an Gradam, a mbíonn breis is €20,000 i gceist leis gach bliain.

Tá obair an Choiste Logainmneacha ar cheann de na héachtaí is infheicthe agus is mó tionchair ó thaobh na Gaeilge scríofa di. Bhunaigh Gaillimh le Gaeilge an Coiste Logainmneacha i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun logainmneacha feiliúnacha Gaeilge a chur ar fáil d’fhorbróirí d’fhorbairtí nua tithíochta sa Chathair. Cuirtear logainmneacha ar fáil i gcomhthéacs an cheantair áitiúil agus ghnéithe an tírdhreacha agus na staire áitiúla, agus bunaítear ar thraidisiún fairsing agus saibhreas na logainmneacha Gaeilge iad. Bhain an tionscnamh ráta ratha 99% amach, agus tá Údarás Áitiúla i mbailte agus i gcathracha ar fud na tíre ag leanúint lorg Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. (m.sh. Muineachán, Corcaigh, Port Laoise).

Thug Gaillimh le Gaeilge faoi ‘Staidéar Taiscéalaíoch ar an Dátheangachas i gCathair na Gaillimhe’ i 2007 i gcomhpháirtíocht le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Léiríonn an staidéar gur suíomh foirfe í Cathair na Gaillimhe do chathair dhátheangach, agus go bhfuil idir chainteoirí Gaeilge agus iad siúd nach labhraíonn Gaeilge den tuairim go mbeadh tairbhe le baint ag an gCathair as stádas dátheangachais.

I 2005 tháinig Cumainn Tráchtála na hÉireann uilig le chéile chun athbhrandáil a dhéanamh ar na heagrais ar fad timpeall na tíre—60 eagrais san iomlán. Ghlac na Cumainn le Branda agus lógó amháin, leis an líne ‘In Business for Business’ faoina bhún. Le comhairle ó Ghaillimh le Gaeilge shocraigh Cumann Tráchtála na Gaillimhe an líne ‘I mbun Gnó ar son Gnó’ a úsáid agus is iad an t-aon Chumann a bhfuil líne Gaeilge acu. Is féidir le Gníolachtaí na Gaillimhe a bheith bródúil as an bhfíric gurb é Cumann Tráchtála na Gaillimhe an t-aon Chumann sa tír a thugann aitheantas don Ghaeilge.



Sandra & Diarmuid Ó Conchubhair, Úinéirí Óstán an Warwick, buaiteoirí Ghradam Sheosamh Uí Ógartaigh 2002



‘Rosán Glas, Rathún, Gaillimh. Ceann do na hEastáit a d’ainmnigh An Coiste Logainmneacha síos tríd na mblianta’



An Comhairleoir Niall Ó Brocháin, Méara Chathair na Gaillimhe, Caitlín Nic an Ultaigh, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge, An tAire Éamon Ó Cuív, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, ag an seoladh ar ‘Staidéar Taiscéalaíoch ar an Dátheangachas i gCathair na Gaillimhe’ in oifigí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.



## GAILLIMH LE GAEILGE 21 BLIAIN I NGNÓ I 2008!

Thiomsaigh Gaillimh le Gaeilge CD-ROM ‘Gaillimh-Cathair Dhátheangach’ i 2003, i gcomhar le Hewlett-Packard i nGaillimh. Úsáideadh an CD-ROM seo chun Gaillimh a chur i láthair mar eiseamláir a chuireann an dátheangachas i bhfeidhm san earnáil tráchtála ag an gcomhdháil ‘Partnership for Diversity’ i Heilsincí.

I gcás-staidéar faoi Ghaillimh le Gaeilge dar teideal ‘The cost-effectiveness evaluation of minority language policies’ [François Grin agus François Vaillancourt], dúradh gurb é Gaillimh le Gaeilge an dara heagraíocht is éifeachtaí san Eoraip maidir le cur chun cinn teanga agus cultúir.

Bhí dlúthbhaint ag Gaillimh le Gaeilge le seoladh an chéad uathmheaisín bainc (ATM) a raibh seirbhís trí Ghaeilge ar fáil air i mBanc na hÉireann, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh i 1999. Seoladh an tseirbhís ar fud na tíre ina dhiaidh sin.

Bronnadh an Duais Eorpach do Theangacha, an Lipéad Teanga, ar Ghaillimh le Gaeilge i 2004.


De bharr an éilimh mhóir ar na seirbhísí a chuireann Gaillimh le Gaeilge ar fáil, seoladh Cairde Ghaillimh le Gaeilge i 2001 i gcomhar le Cumann Tráchtála na Gaillimhe. Daoine aonair agus cuideachtaí a bhfuil spéis acu tacú le hiarrachtaí Ghaillimh le Gaeilge Gaillimh a chur chun cinn mar Chathair Dhátheangach atá sa ghrúpa seo. Tá fás suntasach tagtha ar an scéim ó bunaíodh í, agus tá greamán ‘Cairde’ in airde ar Fhuinneoga os cionn 200 cuideachta ar fud Chathair na Gaillimhe (agus roinnt cuideachtaí i gContae na Gaillimhe).


*Ba mhaith linn tréaslú leis na heagraíochtaí agus na daoine uilig i gcathair na Gaillimhe atá ag déanamh sárobair i gcur chun cinn na Gaeilge agus mar thoradh ar sin ag cur Cathair na Gaillimhe chun cinn mar chathair Dhátheangach.*

*Coiste Stiúrtha Ghaillimh le Gaeilge*



Joe Campbell, Dearthóir Ilmheáin, Rory O'Connor, Stiúrthóir Bainistíochta, Hewlett-Packard Galway Ltd., le Bríd Ní Chonghóile, Feidhmeannach Ghaillimh le Gaeilge, agus Helen Nic Gabhann, Oifigeach Forbartha Ghaillimh le Gaeilge, ag seoladh CD ROM Ghaillimh le Gaeilge, urraithe ag Hewlett-Packard Galway Ltd.





**Galway  
Advertiser**

